C/2024/5768

26.9.2024

Ráiteas comhpháirteach maidir le cóireáil bhuiséadach úis nó muirear eile is dlite ar fhíneálacha a cuireadh ar ceal nó a laghdaíodh, pionóis nó smachtbhannaí eile tráth a glacadh Rialachán 2024/2509

(C/2024/5768)

D'aontaigh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle go ndéanfar aon ús nó muirir eile is dlite ar fhíneálacha a cuireadh ar ceal nó a laghdaíodh, pionóis nó smachtbhannaí eile a thaifeadadh mar ioncam diúltach ar feadh thréimhse an chreata ilbhliantúil reatha. Is eisceacht é sin ón toirmeasc ar ioncam diúltach, atá teoranta don chás sonrach neamh-intuartha seo.

Gan dochar do na sainchumais faoi seach, comhaontaíonn Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún, agus an taithí a fuarthas roimhe seo agus na forbairtí a bhfuiltear ag súil leo amach anseo á gcur i gcuntas, scrúdú a dhéanamh ar réiteach inbhuanaithe fadtéarmach, i gcomhréir le cur i bhfeidhm phrionsabail bhuiséadacha an Rialacháin Airgeadais, maidir leis an ús sin nó muirir eile a mhaoiniú, a mbeidh feidhm leo tar éis 2027, lena n-áirítear maidir leis an ráta úis atá le híoc ar mhéid na bhfíneálacha nó na bpionós eile atá le haisíoc mar chúiteamh leormhaith do na gnóthais is faighteoir sna cásanna sin.